Ábhair

Splanc

Adhmad

Le plé:

1. Cá háit a bhfaighimid adhmad?
2. Cad é a dhéanaimid le hadhmad?
3. Cad chuige a ndéanaimid rudaí áirithe le hadhmad?



Le déanamh:

- Déan liosta de na rudaí a dhéanaimid le hadhmad.
- Tarraing pictiúir de na rudaí i do liosta.

Sampla

Úsáidimid adhmad leis na rudaí seo a dhéanamh:

peann luaidhe,
bád,
troscán

Plaisteach

Le plé:

1. Cad iad na rudaí a dhéanaimid le plaisteach?
2. An bhfuil cineálacha difriúla plaisteach ann?
3. Cén dóigh a bhfuil plaisteacha difriúil óna chéile?



Le déanamh:

- Déan liosta de na rudaí a dhéanaimid le plaisteach.
- Tarraing pictiúir de na rudaí i do liosta.

Sampla

Úsáidimid plaisteach leis na rudaí seo a dhéanamh:

peann,
bréagán,
mála

Páipéar

Le plé:

1. Cárb as a dtagann páipéar?
2. Cad iad na cineálacha difriúla páipéir atá ann?
3. Cén dóigh a bhfuil cineálacha éagsúla páipéir difriúil óna chéile?

Le déanamh:

- Scríobh abairtí a chuireann síos ar an úsáid a théann le cineálacha difriúla páipéir.

Sampla

1. Scríobhann muid ar pháipéar scríbhneoireachta.
2. Déanann muid boscaí le cairtchlár.
3. Glanann muid le rolla cistine.
4.

Olann

Le plé:

1. Cárb as a dtagann olann?
2. Cad iad na rudaí a dhéanann muid le holann?
3. Cad chuige a bhfuil olann maith le haghaidh éadaí?

Le déanamh:

- Dear geansaí olla. Greamaigh é ar chairtchlár le glae.

Sampla



Gloine

Le plé:

1. Cad iad na cineálacha difriúla gloine atá ann?
2. Cén áit a mbíonn gloine in úsáid ag daoine?
3. An bhfuil gloine contúirteach?



Le déanamh:

- Scríobh faoi na háiteanna uilig sa teach a bhíonn gloine in úsáid.

Sampla

1. Bíonn gloine ar na ballaí le solas a ligean isteach.
2. Ólaimid as gloine.
3. Bíonn gloine ar scáileán na teilifíse le go dtig linn na pictiúr a fheiceáil.
4.

Miotal

Le plé:

1. Cad é a dhéanaimid le miotal?
2. Cad chuige a n-úsáidimid miotal le rudaí áirithe a dhéanamh?
3. Cad iad na cineálacha difriúla miotail atá ann?

Le déanamh:

- Déan liosta de na cineálacha difriúla miotail atá ann.

Sampla

iarann alúmanam stán

Éadach

Le plé:

1. Cad iad na cineálacha difriúla éadaí atá ann?
2. Cad iad na húsáidí eile atá le héadach?
3. Cén áit sa teach a bhíonn éadach le feiceáil?

Le déanamh:

- Scríobh abairtí ar na cineálacha difriúla éadaí a chaithimid ag amanna difriúla sa bhliain.

Sampla

1. Cuirim cóta orm nuair a bhíonn sé fuar.
2. Cuirim T-léine orm nuair a bhíonn sé te.
3. Cuirim miotóga orm nuair a bhíonn sé ag cur sneachta.

Rubar

Le plé:

1. Cén áit sa scoil a bhíonn rubar?
2. Cén áit sa bhaile a bhíonn rubar?
3. Cad chuige a mbíonn boinn chairr déanta as rubar?



- Scríobh abairtí ar an úsáid a bhíonn le rubar.

Sampla

1. Tá cuimilteoir déanta as rubar mar cuimlíonn sé amach.
2. Tá boinn chairr déanta as rubar mar tá sé greamaitheach.

Ceirmeach

Le plé:

1. Cárb as a dtagann ceirmeach.
2. Cad é mar a dhéantar ceirmeach as cré.
3. Cad iad na rudaí atá déanta as ceirmeach?

Le déanamh:

- Déan pláta, cupán nó earra tí eile as cré.

Sampla



Bruscar

Le plé:

1. Cad é an rud é bruscar?
2. An dtig úsáid eile a fháil do bhruscar?

Le déanamh:

- Déan suirbhé ar an chineál bruscair is coitianta sa scoil.
- Tarraing graf air.

Sampla



Athchúrsáil

Le plé:

1. Cad é an rud é athchúrsáil?
2. Cad iad na rudaí ar féidir a athchúrsáil?

Le déanamh:

- Déan páipear athchursailte.
- Stróic seanpháipéar ina phíosaí beaga.
- Cuir na píosaí in uisce agus lig don uisce dul isteach sa pháipéar.
- Glac cuid den mheascán, leacaigh é agus lig do triomú ar chriathar.

Sampla



Leá

Le plé:

1. Cad é a tharlaíonn nuair a leánn oighear?
2. Cad iad na rudaí eile a leánn?
3. An féidir rud a leánn a athrú ar ais? Cén dóigh?



Le déanamh:

- Déan bonnóga le seacláid agus rís.

Sampla

Lobhadh

Le plé:

1. Cad é a tharlaíonn nuair a lobhann úll?
2. Cad iad na rudaí eile a lobhann?
3. Cad iad na rudaí nach lobhann?
4. An bhfuil sé sábháilte bia atá lofa a ithe?



Le déanamh:

- Fag trí rud in áit shábháilte sa seomra ar feadh cúpla lá.
- Amharc orthu agus scríobh síos cad é a tharlaíonn dóibh.

Sampla

Píosa Aráin
D'fhág muid píosa aráin ar leac na fuinneoige sa seomra ranga. I ndiaidh trí lá bhí an t-arán iontach crua.

Banana
D'fhág muid banana…….

Tuaslagadh

Le plé:

- Cad é a tharlaíonn nuair a chuireann tú siúcra in uisce?
- Cad é a tharlaíonn nuair a chuireann tú salann in uisce?
- Cad é a tharlaíonn nuair a chuireann tú caifé in uisce?
- Cad é a tharlaíonn nuair a chuireann tú gaineamh in uisce?



Le déanamh:

- Fiosraigh cé acu ábhair a thuaslagann agus cé acu ábhair nach dtuaslgann. Scríobh do thorthaí i dtábla.

Sampla

Ábhar	Tuaslagann	Ní thuaslagann
siúcra	✓	
gaineamh		✓

Oighear, Uisce agus Gal

Le plé:

- Cad é a tharlaíonn nuair a éiríonn uisce iontach te?
- Cad é a tharlaíonn nuair a éiríonn uisce iontach fur?
- Cad é a tharlaíonn nuair a éiríonn oighear te?
- Cad é a tharlaíonn nuair a éiríonn gal fuar?

Le déanamh:

- Déan líreacáin oighir. Scríobh síos cén dóigh a ndearna sibh na líreacáin.

nó…

- Ar lá te, caith cupán uisce ar an talamh sa chlós. Fan go dtí go stopann an t-uisce agus ansin tarring thart air le cailc. Tar ar ais chuige i ndiaidh uaire le fail amach cad é a tharla don uisce. Tarring pictiúr den chruth a rinne agus scríobh abairtí a chuireann síos ar an rud a rinne sibh.

Nádúrtha

Le plé:

- Cá bhfaighimid adhmad?
- Cá bhfaighimid clocha?
- Cá bhfaighimid olann?
- Cá bhfaighimid iarann?
- Cá bhfaighimid síoda?
- Cá bhfaighimid línéadach?

Le déan

- Bailigh ábhair dhifriúla agus sórtáil iad bunaithe ar an áit a bhfaighimid iad. Cuir do thorthaí i dtábla.

Sampla

Fásann sé	Ó ainmhithe	Ón talamh
adhmad		
		clocha

Lámhdhéanta

Le plé:

- Cá bhfaighimid páipéar?
- Cá bhfaighimid plaisteach?
- Cá bhfaighimid bríce?
- Cá bhfaighimid ceirmeach?
- Cá bhfaighimid gloine?

- Bailigh cineálacha difriúla páipéir. Déan liosta de na cineálacha difriúla atá agat.
- Bailigh cineálacha difriúla plaistigh. Déan liosta de na cineálacha difriúla atá agat.

Sampla

Bhailigh muid cineálacha difriúla páipéir; páipéar scríbhneoireachta, cairtchlár, páipéar síoda…

Bhailigh muid cineálacha difriúla plaistigh; polaitéin, polaistiréin, cúr-rubar…

Solúbtha agus Righin

Le plé:

- Ainmnigh rudaí atá solúbtha.
- Ainmnigh rudaí atá righin.



Le déanamh:

- Bailigh ábhair dhifriúla agus sórtáil iad de réir cé chomh solúbtha nó righin atá siad. Tarraing líne agus cuir iad san áit cheart ar an líne.

Sampla

Mín agus Garbh

Le plé:

- Ainmnigh rudaí atá mín.
- Ainmnigh rudaí atá garbh.



- Bailigh ábhair dhifriúla agus sórtáil iad de réir cé chomh mín nó garbh atá siad. Tarraing líne agus cuir iad san áit cheart ar an líne.

Sampla

Uiscedhíonach agus Ionsúiteach

Le plé:

- Ainmnigh rudaí atá uiscedhíonach.
- Ainmnigh rudaí atá ionsúiteach.

Le déanamh:

- Scríobh síos an fáth a mbíonn rudaí atá uiscedhíonach úsáideach.
- Scríobh síos an fáth a mbíonn rudaí atá ionsúiteach úsáideach.

Sampla

Tá cóta fearthainne uiscedhíonach mar ba mhaith linn a bheith tirim nuair a bhíonn sé ag cur fearthainne.

Tá rolla cistine ionsúiteach mar cuidíonn sé linn glanadh suas.